Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 9

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, tá orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an caiteachas iarbhír i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas na bliana.

Dlitear farasbarr €5.109 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorlán 25 de 2025, i bhfeidhm agus an chuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CG) a chuirtear i bhfeidhm do thréimhsí cuntais dar tosach ón 1 Eanáir 2025.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Ríomhtar agus gearrtar dímheas ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh agus amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara na mór-aicmí sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainní	*Saolré úsáideach*	*Ráta dímheas/amúchta*
Cuitéar na gCoimisnéirí Ioncaim	20 bliain	5%
Bogearraí forbartha	10 mbliana	10%
Troscáin agus feisteas	10 mbliana	10%
Trealamh Oifige agus TF	5 bliana	20%
Feithiclí agus trealamh	5 bliana/10 mbliana	20%/10%
Bogearraí faighte	2 bhliain/5 bliana	50%/20%

Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige.

Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuarascáil bhainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistithe seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte achmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainstíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.

- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú, áirítear
    - struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas ar nithe a mbíonn tionchar acu ar riosca
    - pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ar leibhéal eagraíochtúil, na Rannóige agus na mBrainse.
    - creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a ghníomhaíonn de réir Chreat Idirnáisiúnta na gCleachtas Gairmiúil de chuid Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha, lena n-áirítear Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí Domhanda, Riachtanais Thráthúla agus Treoir Dhomhanda. Feidhmíonn sé freisin i gcomhréir le cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil a d'fhaomh mé. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus corparáideacha sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí profisiúnta agus ar sheirbhísí conarthaí uile, costas iomlán de €203 milliún in 2025.

Tá sonraí maidir le 55 conradh neamh-iomaíochta curtha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d’Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte seachas i gcás cheithre chonradh (sa bhreis ar €25,000), arb ionann é agus €875,641 san iomlán (gan CBL san áireamh)in 2025 agus leagtar na sonraí amach thíos:

- Cuireadh síneadh arís le conradh amháin chun ocsaíd nítriúi lurghafa a stóráil ar luach €347,414 a bronnadh faoi phróiseas comhlíontach in 2022 fad is a chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an margadh le na hearra urghafa a dhiúscairt go sábháilte. Bronnadh conradh chun na hearraí a urghabhadh a dhiúscairt i rith mhí an Mhárta 2025 agus ní mór stóráil a choinneáil fad is a tharlaíonn na diúscairtí. Chuaigh an socrú stórála in éag i mí an Mheithimh 2026 agus tá sé anois mar chuid den chonradh nua Trádstórais Stáit d'Oibrithe Trádstórais Ghinearálta, Seirbhísí Iompair, Diúscartha agus Stórála a síníodh i mí an Mheithimh 2026.

- Measadh go raibh conradh amháin chun oibrithe stórais ghinearálta a sholáthar, iompar agus diúscairt earraí urghafa ag Stóras Stáit na gCoimisinéirí Ioncaim ar luach €445,970 neamhchomhlíontach. Cuiread síneadh le conradh le soláthraí reatha agus socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá trairiscintí don chonradh á measúnú faoi láthair agus tá dámhachtain conartha ar tí tarlú. Freastalóidh an conradh seo freisin ar stóráil ocsaíd nítriúil mar a luaitear thuas.
- Measadh go raibh conradh amháin chun seirbhísí bainistíochta taifead a sholáthar ar luach €46,208 neamhchomhlíontach toisc go raibh caiteachas comhiomlánaithe os cionn na tairsí do phróisis soláthair níos foirmiúla. Tá mionchomórtas faoi chreat OSR á reáchtáil faoi láthair d'fhonn conradh a dhámhactain le linn ráithe 2 de 2026.
- Tuairiscíodh conradh amháin chun seirbhísí slándála a sholáthar ar luach €36,049 neamhchomhlíontach. Chuaigh conradh, a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch comhlíontach, in éag sular cuireadh cleachtadh soláthair nua i gcrích. Coinníodh an soláthróir reatha chun na seirbhísí a sholáthar fad is a bhí an comórtas soláthair á reáchtáil. Bronnadh conradh don tseirbhís i mí Eanáir 2026.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear faoi Soláthar thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhnaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca corparáide i bhfeidhm a thaifeadaíonn na príomhrioscaí sainaitheanta atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos ar na rioscaí aitheanta seo, déantar iad a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus a dtionchar. Sonraíonn an clár riosca na gníomhaíochtaí is gá a ghlacadh chun rioscaí aitheanta a mhaolú le gníomhartha ábhartha atá comhtháite i bpróisis straitéiseacha agus pleanála gnó. Déantar gníomhartha maolaithe ar leibhéal na roinne a fhíorú mar ghníomhartha maolaithe trí iniúchadh inmheánach mar chuid dá rannpháirtíochtaí iniúchóireachta.

Déantar athbhreithniú ar an gclár ar bhonn ráithiúil ag coinneáil súil ar thuairiscí ó gach Ceannasaí Rannóige maidir le héifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéil riosca iarmharacha tar éis an mhaolaithe. Breithnítear athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear rioscaí nua a chur leis nó athruithe ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil a dhéanann an Coiste Bainistíochta Riosca (CBR), ar fochoiste é den Choiste Comhairleach Bainistíochta (MAC). Is mír sheasta ráithiúil ar an gclár é riosca corparáideach ag cruinnithe MAC.

Soláthraíonn an córas bainistíochta riosca corparáideach atá i bhfeidhm dearbhú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mhaolú a mhéid is féidir, go ndéantar athbhreithniú go rialta agus go dtuairiscítear ar bhonn gníomhach don MAC agus do Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéanann iad a bhreithniú.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ann, le tacaíocht ó Aonad Cosanta Sonraí, chun a chinntiú go bpróiseálann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta foirne, custaiméirí, soláthraithe nó aon duine aonair eile i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2018/1725 agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deacrachtaí rialaithe inmhéanaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2025 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

30 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Soláthar neamhchomhlíontach

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur tharla leibhéal ábhartha neamhchomhlíonta i ndáil le rialacha náisiúnta soláthair i gcás conarthaí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025, agus chuir sé in iúl freisin na bearta atá á nglacadh chun é sin a laghdú.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas Leithreasa 2025

			2025	2024
	Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caitheachas an chláir				
A Riar agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann				
Bunaidh	624,268			
Forlíonadh	3,918			
		628,186	625,110	581,081
Glanchaiteachas		**628,186**	**625,110**	**581,081**
Lúide				
B **Leithreasaí-i-gcabhair**				
Bunaidh	62,000			
Forlíonadh	3,917			
		65,917	**67,950**	**64,714**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	562,268			
Forlíonadh	1			
		562,269	**557,160**	**516,367**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**5,108,656**	**15,769,429**

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

30 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

		2025	2024
	€000	€000	€000
Pá		417,373	394,131
Neamhphá		207,737	186,950
Glanchaiteachas		**625,110**	**581,081**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**67,950**	**64,714**
Glanchaiteachas		**557,160**	**516,367**
Athraithe i sócmhainní caipitil			
Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)			
Ceannacháin	(17,651)		
Dímheas	4,507		
Diúscairtí in airgead tirim	48		
Caillteanas ar dhiúscairtí	33		
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)			
Ceannacháin	(10,093)		
Amúchadh	13,458		
Iomlán na n-athruithe ar shócmhainní caipitil		(9,698)	5,082
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhardail	(450)		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	7,637		
Laghdú ar ioncam fabhraithe	39		
Méadú ar chostais fhabhraithe	3,973		
Méadú i soláthairtí	477		
Laghdú ar ioncam iarchurtha	(301)		
		11,375	13,008
Caiteachas díreach vótáilte		**558,837**	**534,457**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		186,334	178,416
Cíos barúlacha		16,846	12,043
Glanchostas cláir		**762,017**	**724,916**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile, ghlan ó chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2025 €000	2024 €000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	173,168	164,489
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	15,755	17,092
Vóta 18	Oifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,135	644
		190,058	182,225
Costais na seirbhísí comhroinnte a sholáthraítear do sheirbhísí vótáilte eile a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil saor ó chostas7		(3,724)	(3,809)
		186,334	**178,416**

Nóta [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan muirear do Vótaí eile léirithe anseo (€3.724 milliún), cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1.34 milliún ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhíse gaolmhara, cuireadh gar-chostais i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, ferars agus trealamh	2.1	26,874	13,808
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	62,377	65,742
		89,251	**79,550**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	—	7,512
Fardail	2.4	1,823	1,373
Réamhíocaíochtaí	2.5	11,152	18,789
Ioncaim fabhraithe	2.6	2,551	2,590
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	10,468	18,471
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.12	8,711	—
		34,705	**48,735**
Lúide			
Dliteanas reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	1,410	—
Forálacha	2.8	1,914	1,437
Speansais fhabhraithe	2.9	25,856	21,883
Ioncam iarchurtha	2.10	654	955
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.11	17,769	16,129
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.12	—	9,854
		47,603	**50,258**
Glan(dliteanais)/sócmhainní reatha		**(12,898)**	**(1,523)**
Glansócmhainní		**76,353**	**78,027**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.13	**76,353**	**78,027**

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Feithiclí agus trealamh	Trealamh Oifige agus TF	Troscáin agus feisteas	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil [a]				
Amhail an 1 Eanáir 2025	21,126	53,411	59,083	133,620
Breiseanna	11,506	6,052	93	17,651
Feithiclí urghafa a leithreasaíodh do na Coimisinéirí Ioncaim	11	—	—	11
Diúscairtí	(1,448)	(8,733)	(3,079)	(13,260)
Coigeartú: Trealamh teicneolaíochta faisnéise[b]	—	(3,505)	—	(3,505)
Amhail an 31 Nollaig 2025	31,195	47,225	56,097	134,517
Dímheas carntha				
Amhail an 1 Eanáir 2025	18,662	47,653	53,497	119,812
Dímheas don bhliain	1,085	2,046	1,376	4,507
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,448)	(8,732)	(2,999)	(13,179)
Coigeartú: Trealamh teicneolaíochta faisnéise[b]	—	(3,497)	—	(3,497)
Amhail an 31 Nollaig 2025	18,299	37,470	51,874	107,643
Glansócmhainní				
Amhail an 31 Nollaig 2025	**12,896**	**9,755**	**4,223**	**26,874**
Amhail an 31 Nollaig 2024	2,464	5,758	5,586	13,808

Nóta [a] Áirítear leis an gcostas nó leis an luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] Rinneadh athbhreithniú ar an trealamh TF ar fad in 2025. Tá 1,767 sócmhainn trealaimh TF le costas níos lú ná €10,000 an ceann díaitheanta ó mhaoin, ferars agus trealamh. Fanann na sócmhainní ar chlár sócmhainní caipitiúla na gCoimisinéirí Ioncaim ag luach nialasach chun críocha coimircithe.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh	Sócmhainní doláimhsithe á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	414,855	567	415,422
Breiseanna	305	9,788	10,093
Curtha in úsáid	8,599	(8,599)	—
Diúscairtí	(56,156)	—	(56,156)
Amhail an 31 Nollaig 2025	367,603	1,756	369,359
Amúchadh carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	349,680	—	349,680
Amúchadh don bhliain	13,458	—	13,458
Amúchadh diúscairtí	(56,156)	—	(56,156)
Amhail an 31 Nollaig 2025	306,982	—	306,982
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	**60,621**	**1,756**	**62,377**
Amhail an 31 Nollaig 2024	65,175	567	65,742

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgea tirim	(1,650)	7,070
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	55	55
Iarmhéid cuntas bainc SFSP	20	83
Iarmhéid cuntas bainc SFPF	141	175
Iarmhéid cuntas bainc SSTFG	24	129
	(1,410)	**7,512**

2.4 Fardail

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Stáiseanóireacht agus stóir bheaga	98	53
Trealamh/éadaí/ilghnéitheach	1,725	1,320
	1,823	**1,373**

2.5 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Seirbhísí agus Tacaíocht TFC	8,957	10,348
Costais eile riaracháin	756	7,290
Postas	1,439	1,151
	11,152	**18,789**

2.6 Ioncam fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ioncam riaracháin	2,551	2,590
	2,551	**2,590**

2.7 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Airleacain i leith foirgneamh chomhroinnte	252	329
Caiteachas in-fhorchúitithe taistil	18	102
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, srl.	907	9,614
Vóta 10, An Coimisiún um Achomhairc Chánach	348	342
Tuarastail in-fhorchúitithe	204	50
Caieachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	104	100
Taisteal óinchiste	1	1
Míreanna dochair eile ar fionraí[a]	8,634	7,933
	10,468	**18,471**

Nóta [a] I míreanna dochair fionraí eile, tá €8.526 milliún maoinithe don NSSO roimh dheireadh na bliana le haghaidh tuarastal a bhí dlite ar an 1 agus an 2 Eanáir 2026. Cuimsíonn sé freisin €22,000 arna mhaoiniú don NSSO roimh dheireadh na bliana chun freastal ar éilimh taistil agus chothaithe a bheidh dlite an 2 Eanáir 2026.

2.8 Forálacha

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Cásanna dlí	1,914	1,437
Iomlán	**1,914**	**1,437**
Dliteanas reatha	1,914	1,437
Iomlán	**1,914**	**1,437**

Gluaiseacht do gach aicme forála mar seo a leanas

	Cásanna dlí €000	Iomlán €000
Iarmhéid tosaigh	**1,437**	**1,437**
Foráil bhreise déanta	1,016	1,016
Méideanna a Úsáideadh	(382)	(382)
Méid Neamhúsáidte Aisiompaithe	(157)	(157)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**1,914**	**1,914**

2.9 Costais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Fabhruithe gaolmhara párolla	21,935	17,933
Seirbhísí agus Tacaíocht TFC	606	708
Oiliúint agus forbairt agus costais eile ó lá go lá	31	31
Costais eile riaracháin	3,284	3,211
	25,856	**21,883**

2.10 Géilleadh Iarchurtha

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Maoiniú ón AE chun trealamh speisialaithe a sholáthar	508	805
Ioncam ó tháillí a fuarthas roimh ré	146	150
	654	**955**

2.11 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	4,524	4,255
Muirear Sóisialach Uilíoch	788	841
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	4,128	3,609
Cáin Siarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	1,967	1,409
Cáin Bhreisluacha	1,601	1,713
Ranníocaíochtaí pinsin	1,321	1,188
Cáin Mhaoine Áitiúil	30	32
Fáltais bhreise an Státchiste	—	13
	14,359	13,060
Ar fionraí		
Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí	2,605	2,459
Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré	452	104
Dlite chuig an RCS i leith		
• SFSP [a]	20	83
• SFPF [a]	141	175
Dlite go Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim		
• SSTFG [b]	24	129
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	168	119
	17,769	**16,129**

Nóta [a] In 2025, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí agus aisghabhálacha a riartar faoin SFPF.
- Íocaíochtaí SFSP €134,000
- Aisíocaíocht dliteanais i leith SFSP €11.4 milliún

In 2025, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí agus aisghabhálacha a riartar faoin SFSP
- Íocaíochtaí SFSP €65,000
- Aisíocaíocht dliteanais i leith SFSP €5.5 milliún

[b] In 2025, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí agus na haisghabhálacha a riartar faoin SSTFG.
- Íocaíochtaí SSTFG €7,000
- Aisíocaíocht dliteanais i leith SSTFG €70,000

2.12 Glannmhaoiniú ón Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	5,109	15,769
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(13,820)	(5,915)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(8,711)**	**9,854**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	7,512
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	10,468	18,471
	10,468	25,983
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(1,410)	—
Dlite don Stát	(14,359)	(13,060)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(3,410)	(3,069)
	(19,179)	(16,129)
	(8,711)	**9,854**

2.13 Cuntas maoinithe Stáit

	Tabhair do d'aire		2025	2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			78,027	112,515
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	562,269		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(5,109)		
Vóta glan			557,160	516,367
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1		186,334	178,416
Mír: Neamhairgid thirim – cíos barúlach	1		16,846	12,043
Mír: neamhairgid thirim: feithiclí urghafa	2.1		11	—
Mír neamhairgid thirim: Coigeartú trealaimh TF	2.1		(8)	—
Mír neamhairgid thirim: Coigeartú TCP	2.1		—	(16,398)
Glanchostas cláir	1		(762,017)	(724,916)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			**76,353**	**78,027**

2.14 Gealltanais

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	28,856	37,043
Tionscadail chaipitil agus cláir	6,852	12,739
Líon iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí	**35,708**	**49,782**

b) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos mó ná €10 milliún

Clár/ tionscadal	Caiteachas			Costas saolré an tionscadail lena bhfuiltear ag súil leis	
	Go dtí 31 Nollaig 2024 €000	In 2025 €000	Tiomanta do €000	2025 €000	2024 €000
Críochfort 7, Europort Ros Láir	68,516	5,887	6,852	81,255	81,255

Nóta [a] Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag cómhaoiniú, trí Vóta 9, chun áis nua teorann (Críochfort 7) a thógáil ag Calafort Ros Láir. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag seachadadh an tionscadail ar bhonn gníomhaireachta. Is é sciar comhaontaithe na gCoimisinéirí Ioncaim de chostas iomlán an tionscadail ná 34.43%. Léiríonn figiúr na gceangaltais na costais a bheidh le híoc ag Vóta 9 go dtí go gcríochnófar an tionscadal. Cuirfear an tsócmhainn iomlán san áireamh sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

2.15 Dliteanas teagmhasach

Tá dliteanais theagmhasacha de €4.101 ag na Coimisinéirí Ioncaim (2024: €4.549 million) i leith costais dlí agus chúitimh.

2.16 Tionchar athruithe ar bheartais chuntasaíochta

Ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid an mhaoinithe Stáit sa bhliain chuntasaíochta.

amhail an 31 Nollaig	**2025**	**2024**
	€000	**€000**
Forálacha [a]	—	(1,437)
Fabhruithe párolla [b]	—	(10,157)
Fabhruithe saoire [b]	—	(7,776)
	—	**(19,370)**

Nóta [a] CGAS 19 Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

[b] CGAS 39A Sochair d'Fhostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear gach caiteachas mar chaiteachas riaracháin.

				2025	2024
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	426,774			
	Forlíonadh	(7,922)			
			418,852	417,373	394,131
ii	Taisteal agus cothabháil				
	Bunaidh	4,500			
	Forlíonadh	110			
			4,610	4,875	4,374
iii	Oiliúint agus Forbairt		3,400	3,324	3,204
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil				
	Bunaidh	39,078			
	Forlíonadh	5,654			
			44,732	45,191	40,577
v	Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus costais TF				
	Bunaidh	96,865			
	Forlíonadh	(14)			
			96,851	95,533	88,225
vi	Costais Áitribh				
	Bunaidh	22,788			
	Forlíonadh	1,145			
			23,933	21,193	18,090
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde				
	Bunaidh	2,300			
	Forlíonadh	(1,200)			
			1,100	1,156	979
viii	Feithiclí agus costais bhainistíochta teorann				
	Bunaidh	12,880			
	Forlíonadh	7,428			
			20,308	22,803	16,628

				2025	2024
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
ix	Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí				
	Bunaidh	14,683			
	Forlíonadh	(1,033)			
			13,650	13,291	13,937
x	Cúiteamh agus caillteanais				
	Bunaidh	1,000			
	Forlíonadh	(250)			
			750	371	936
			628,186	**625,110**	**581,081**

Athruithe suntasacha

Tugtar achoimre sa nóta seo ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) don chaiteachas riaracháin.

vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde

Soláthar measta €2.3 milliún; toradh €1.156 milliún

Tharla tearc-chaiteachas comhairleoireachta mar gheall ar mhoill ar sceidealú éisteachtaí achomhairc chánach agus idirghabhálacha comhlíontacht, agus cuireadh roinnt éisteachtaí agus cásanna a rabhthas ag súil leo siar go dtí 2026. Bhí tionchar aige seo ar uainiú caiteachais comhairliúcháin agus tuairimí saineolaithe in 2025.

viii Feithiclí agus costais bhainistíochta teorann

Soláthar measta €12.88 milliún; toradh €22.803 milliún

D'eascair róchaiteachas bainistíochta teorann go príomha mar gheall ar chostais urghabhála a tabhaíodh i ndáil le coinneáil agus cothabháil an MV Matthew, agus maidir le cainníochtaí móra cannisters gáis ocsaíd nítriúil a dhiúscairt. Tugadh aghaidh ar an róchaiteachas trí mheastachán forlíontach.

x Cúiteamh agus caillteanais

Soláthar measta €1 milliún; toradh €371,000

Tháinig cúiteamh agus caillteanais chun cinn mar gheall ar íocaíochtaí dámhachtana costas dlíthiúil níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncaim

4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

				2025	2024
		Soláthar measta	cháin	Réadaith	Réadaith
		€000	€000	€000	€000
1	Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an scéim ÁSPC		37,437	37,437	37,437
2	Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh				
	Bunaidh	2,000			
	Forlíonadh	700			
			2,700	2,758	2,322
3	Uimhreacha caomhnaithe				
	Bunaidh	223			
	Forlíonadh	77			
			300	431	367
4	Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil		400	429	426
5	Sciar an chostais bailithe d'Údarú Singil do Nósanna Imeachta (ÚSNIS)				
	Bunaidh	9,900			
	Forlíonadh	300			
			10,200	10,178	10,004
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí				
	Bunaidh	10,000			
	Forlíonadh	100			
			10,100	10,740	10,064
7	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	2,040			
	Forlíonadh	2,740			
			4,780	5,977	4,094
			65,917	**67,950**	**64,714**

Athruithe suntasacha

Tugtar achoimre sna nótaí seo a leanas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (ar a laghad +/5% agus €100,000).

2 Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh

Measta €2 milliún; réadaithe €2.758 milliún

D'eascair an éagsúlacht i bhfíneálacha, forghéilleadh, costais dlí a aisghabhadh mar gheall ar aisghabháil mhór costais dlí i leith cás suntasach achomhairc chánach.

3 Uimhreacha caomhnaithe

Measta €223,000; réadaithe €431,000

Baineann an t-éileamh ar chlárúcháin feithiclí le caiteachas lánroghnach ceannaitheoirí feithiclí nua. Baineann an éagsúlacht i bhfáltais le méadú ar phlátaí clárúcháin forchoimeádta sa chéad sé mhí de 2025.

6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €10 milliún; réadaithe €10.74 milliún

Baineann na fáltais leis an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB) a bhailítear ó fhostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim tríd an bpárolla. Tagann an éagsúlacht sna fáltais chun cinn mar gheall ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Pá Seirbhísí Poiblí 2024-2026 agus a thionchar ar íocaíochtaí tuarastail, agus dá bhrí sin ar ranníocaíochtaí aoisliúntais.

7 Ilghnéitheach

Measta €2.04 milliún; réadaithe €5.977 milliún

Eascraíonn an éagsúlacht i bhfáltais ilghnéitheacha go príomha mar gheall ar admhálacha na Roinne Coimirce Sóisialaí a phostáil. Roimh an aistriú chuig seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais, déileáiltear le fáltais uile na Roinne Coimirce Sóisialaí anois mar leithreasaí i gcabhair ón 1 Eanáir 2025. Ina theannta, fuarthas fáltas caipitil gan choinne ó Iarnród Éireann maidir le haisíocaíocht oibreacha breise ag Europort Ros Láir.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí-i-gCabhair agus méideanna airgid a fuarthas sa bhliain. Is ionann Ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal na fabhraithe.

	2025 €000
Ioncam ó idirbhearta neamhmhalartaithe.	
Deontas ón bPríomh-Chiste	557,160
Fíneálacha, forghéilleadh, costais dlí a gnóthaíodh	2,011
Sciar de chostais bhailithe SASP	10,693
Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	11,114
Deontais AE	566
Fáltais Leasa Shóisialaigh	2,458
Ioncam idirbhearta neamhmhalartaithe	
Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an scéim ÁSPC	37,437
Uimhreacha caomhnaithe	432
Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil	429
Aitheantas geografach don Phoitín Éireannach agus Fuisce	67
Táille Easpórtála CCF	12
Scéim um Thacaíocht Chúntach Stáit	475
Táille riaracháin an tí solais	47
Fáltais an Achta Loingis Cheannaíochta	15
Táille riaracháin tobhaigh árachais	10
Díolachán earraí	87
Ús bainc	251
Fáltais an Achta um Shaoráil Faisnéise	1
Ioncam eile	
Ilghnéitheach	2,107
Ioncaim iomlán	**625,372**
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair	67,950
Deontas ón bPríomh-Chiste	557,160
Laghdú ar ioncam fabhraithe	(39)
Laghdú ar ioncam iarchurtha	301
	625,372

4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2025 €000	2024 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	13	3
Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	591	3,589
Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghó chumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní	409	427
Ús ar chuntais bhainc a íoctar go díreach leis an Státchiste	16,978	21,180
Aistrithe chuig an Státchiste	(17,991)	(25,186)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**—**	**13**

Nóta 5, Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (Coibhéis Lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	**7,082**	**6,654**

5.2 Pá

	2025 €000	2024 €000
Pá	368,211	348,747
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	10,546	9,820
Ragobair	3,440	3,359
ÁSPC Fostóra	35,176	32,205
	417,373	**394,131**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2025 €	2024 €
Foireann na rannóige				
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	126	20	24,077	27,723
Ragobair agus tinreamh breise	1,364	185	46,269	32,884
Liúntais le haghaidh sealobair agus obair uainchláir	808	399	40,285	29,965
Ilghnéitheach	68	7	36,109	30,320
Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin	229	131	52,932	36,015

5.4 Bandaí pá na bhfostaithe oifige

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a raibh a sochair fostaíochta iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 os cionn €60,000.

Banda pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	**Go dtí**	**2025**	**2024**
20,000	59,999	4,724	4,961
60,000	69,999	959	871
70,000	79,999	449	361
80,000	89,999	344	309
90,000	99,999	196	187
100,000	109,999	131	80
110,000	119,999	37	40
120,000	129,999	41	50
130,000	139,999	38	10
140,000	149,999	3	2
150,000	159,999	—	1
160,000	169,999	3	1
170,000	179,999	2	8
180,000	189,999	6	5
190,000	199,999	1	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	1	2
240,000	249,999	2	—

5.5 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €124,000 (2024: €124,000) san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 2,374 (2024: 2,361) dámhachtain ar leithigh, ó €20 go €250.

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

	2025	**2024**
	€000	**€000**
Pá bunúsach	**245**	**238**

Níl luach na sochar scoir a thuillteartear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim pinsin ó roimh 1995 agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.7 Socruithe eile maidir le luach saothair

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €31,000 san iomlán i 2025 le 24 státseirbhíseacg scortha i ndáil le íocaíochtaí comhalta coiste, táillí bord agallaimh, agus costais fhinnéithe (2024: Íocadh €17,000 le 19 státseirbhíseach ar scor). Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas de €1.43 milliún i leith 25 oifigeach a bhí ar seirbhís toabh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2025 nó cuid de agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2024: €1.07 i ndáil le 18 oifigeach).

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le 16 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2025 go léir nó do chuid de, i ranna Rialtais eile agus nár íoc an Oifig a dtuarastail.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	**Líon na bhfaighteoirí**	**2025 €000**	**2024 [a] €000**
Ró-íocaíochtaí	702	1,226	1,192
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	79	248	908

Aistríodh 16 plean aisghabhálaró-íocaíochta i ndáil le 16 duine aonair ar luach €18,443, chuig 11 roinn/oifig eile le linn na bliana.

Nóta [a] Rinneadh athdhearbhú ar fhigiúirí 2024 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ró-íocaíochtaí párolla agus ar chumais tuairiscithe feabhsaithe a chuir an NSSO ar fáil.

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Nithe a díscríobhadh

	2025	2024
	€000	€000
Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana		
Fardal as feidhm	61	1
Foirgnimh Chomhroinnte	—	6
	61	**7**

6.2 Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí (fo-cheannteidil A (ix))

Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas.	2025	2024
	€000	€000
Dlíodóirí seachtracha	4,513	4,153
Táillí abhcóide	4,730	6,798
Costais féimheachta/leachtaithe	2,709	2,109
Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha	1,339	877
	13,291	**13,937**

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Oifig sa bhliain

	Éilimh ag					Iomlán	Iomlán
	Fostaithe		Baill den phobal			2025	2024
	Díobháil phearsanta [a]	Eile [b]	Díobháil phearsanta [c]	Caillteanas nó damáiste [d]	Eile [e]		
Líon na gcásanna [f]	9	3	7	5	16	40	41
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim féin	72	—	43	—	87	202	327
Íocaíochtaí déanta ag/thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim							
Cúiteamh	124	—	38	32	—	194	212
Costais dlí	—	—	—	—	41	41	611
Costais eile	12	1	2	7	3	25	11
Iomlán 2025	**208**	**1**	**83**	**39**	**131**	**462**	**1,161**
Iomlán 2024	389	6	72	10	684	1,161	

Nóta
[a] Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €220 agus €50,000
[b] Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €30 agus €800
[c] Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €50 agus €20,000
[d] Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €220 agus €27,000
[e] Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €30 agus €35,000
[f] Amhail an 31 Nollaig 2025, is iad seo a leanas na héilimh amuigh.
- Éilimh gortaithe pearsanta: 19 – fostaithe 15, baill den phobal 4 (2024: 22)
- Éilimh chaillteanais nó damáiste: 8 – Baill den phobal 8 (2024: 3)
- Éilimh eile: 35 – Baill den phobal 35 (2024: 33)

Costas carnach na gcásanna a críochnaíodh in 2025

	Éilimh ag		Iomlán
	Fostaithe	Baill den phobal	
Líon na gcásanna	5	10	15
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim féin	36	58	94
Íocaíochtaí déanta ag/thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim			
Cúiteamh	124	70	194
Costais dlí	24	64	88
Costais eile	11	3	14
Iomlán	**195**	**195**	**390**

6.4 Costais Eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chaiteachas ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2025 a bhain le costais idirghabhála (2024: €6,150).

Ní raibh aon chás in 2025 (2024: 1 cás).

6.5 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.84 milliún nó 40% den chostas incháilithe chun cuitéar Custam a cheannach a úsáidfidh an Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann (RIIBT)chun earraí toirmiscthe agus táirgí inmháil aindleathacha san fhearann muirí a bhrath. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €920,000 i mí an Mheithimh 2022 agus ordaíodh an cuitéar i mí Lúnasa 2023. Seachadadh an cuitéar i mí Lúnasa 2025. D'éiligh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais sa chéad ráithe de 2026.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-TAXUD), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.19 milliún, nó 80% den chostas incháilithe chun meaisíní éagsúla X-ghathaithe, córais braite rianta, scóp tollta agus speictriméadair a cheannach a úsáidfidh RIIBT chun earraí toirmiscthe agus táirgí inmháil aindleathacha a bhrath i gcalafoirt, in aerfoirt, agus in iostaí poist. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €595,200 i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus ordaíodh trealamh in 2022, 2023 agus 2024. Fuarthas an dara tráthíocaíocht deontais de €269,000 sa dara ráithe 2025 agus tá sé san áireamh i gcatagóir 7 ‘ilghnéitheach’ i leithreasaí-i-gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-TAXUD), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontas ar uasmhéid de €1.33 milliún, nó 80% den chostas incháilithe chun trealamh braite éagsúla a cheannach a úsáideann RIIBT chun contrabhanna a bhrath. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €664,800 i mí na Samhna 2024 agus ordaíodh trealamh in 2025. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh sa chéad ráithe 2027.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-EUAF), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal uasmhéid de €281,000, nó 80% den chostas incháilithe chun bogearraí forbartha faisnéise a cheannach. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €140,400 i mí na Nollag 2024. Cuireadh moill ar an tionscadal agus cuireadh tús arís leis i mí Eanáir 2026. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh sa chéad ráithe 2027.